# RIALACHÁN (AE) 2021/1986 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Samhain 2021

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do Chinneadh 2012/642/CBES agus déantar foráil leis go háirithe maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo, agus toirmisctear cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, nó a mbaineann a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis nó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis an réimeas sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2021/1030 ón gComhairle ([3]), lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugadh isteach tuilleadh smachtbhannaí eacnamaíocha spriocdhírithe, lena n-áirítear toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar do Rialtas na Bealarúise agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí na Bealarúise.

(3) An 15 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1989 ([4]), lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES agus lena dtugtar isteach eisceachtaí áirithe ón toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar do Rialtas na Bealarúise agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí na Bealarúise, chun iarmhairtí neamhbheartaithe a sheachaint.

(4) Tagann bearta áirithe faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha i ngach Ballstát i bhfeidhm go haonfhoirmeach é, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun na bearta sin a chur chun feidhme.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1l de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006:

"*Airteagal 1l*

1. Toirmiscfear árachas nó athárachas a sholáthar do:

(i) Rialtas na Bealarúise, a chomhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí; nó

(ii) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (i).

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1030 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO L 224 I, 24.6.2021, lch. 1).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/1989 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (Féach leathanach 8 den Iris Oifigiúil seo).

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hárachas éigeantach nó árachas tríú páirtí dliteanais a sholáthar do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí na Bealarúise i gcás ina bhfuil an riosca arna árachú suite san Aontas, ná maidir le hárachas a sholáthar do mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na Bealarúise san Aontas.

3. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2021, ná do chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES